
# Straitéis Oideachais um Shaoránacht Dhomhanda Chúnamh Éireann

2021-2025

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland



# Clár na n-Ábhar


| | |
|---|---|
| **Réamhráite** | **01** |
| **Ár Straitéis** | **03** |
| **Cén fáth an tOideachas um Shaoránacht Dhomhanda?** | **04** |
| **Ár gComhthéacs Beartais** | **07** |
| **An Dul Chun Cinn go dtí Seo** | **09** |
| **Céard atáimid ag iarraidh a bhaint amach?** | **13** |
| Foghlaimeoirí agus a bPobail | **15** |
| Beartas agus Curaclam | **17** |
| Institiúidí | **19** |
| Oideachasóirí | **23** |
| Feasacht maidir le Cúnamh Éireann | **25** |
| **Bealaí Oibre** | **30** |
| **Foscríbhinní** | **33** |
| **Foscríbhinn 1** Liosta na n-aighneachtaí i scríbhinn a fuarthas le linn chéim chomhairliúcháin phoiblí na straitéise seo | **33** |
| **Foscríbhinn 2** Liosta na n-acrainmneacha | **34** |

# Réamhrá

An tAire Gnóthaí Eachtracha
Simon Coveney, T.D.



© DFA

An dlúthpháirtíocht dhomhanda, an comhoibriú idirnáisiúnta agus comhghníomh i gcomhair todhchaí níos fearr atá mar na luachanna i gcroílár pholasaí eachtrach na hÉireann. Seasann siad mar bhunús lenár mbraistint um shaoránacht dhomhanda agus le obair Chúnamh Éireann, ár gclár forbartha idirnáisiúnta.

Leagtar amach sa *Straitéis Oideachais um Shaoránacht Dhomhanda Chúnamh Éireann* nua seo conas go dtacóidh an Roinn Gnóthaí Eachtracha leis an bpobal chun plé a dhéanamh ar an nasc a mhaireann idir ceisteanna domhanda agus ár ngnáthshaoil agus cad gur féidir linn a dhéanamh, inár n-aonar agus i dteannta le chéile, chun domhan níos fearr a chruthú.

Tá sé mar aidhm ag an straitéis gach cuid dár bpobal a spreagadh, ag obair trí oideachas foirmiúil agus neamh-fhoirmiúil, trí ghrúpaí óige agus pobail, agus trí ghnóthaí agus trí cheardchumainn ar mhaithe lenár ndaoine go léir a tharraingt isteach sa chomhrá maidir le conas gur féidir leo difríocht a dhéanamh. Tá sé mar fhreagracht orainn go léir, níos mó ná riamh, a bheith ag feidhmiú mar na saoránaigh dhomhanda is fearr, go háirithe le méadú ag teacht ar impleachtaí an athruithe aeráide agus an domhan fós ag teacht chuige féin mar gheall ar COVID-19.

Cruthaíonn an tasc seo nasc díreach chuig iarrachtaí phobal na hÉireann ag leibhéal domhanda ar mhaithe le feabhas a chur ar chearta daonna, le haghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide agus le dul i ngleic leis an mbochtaineacht agus leis an ocras. Ciallaíonn ár misin thaidhleoireachta agus clár Chúnamh Éireann go bhfuil láithreacht shuntasach againn ar fud an domhain, a bhíonn in úsáid againn chun ár luachanna agus ár dtiomantas i gcomhair domhain níos fearr a chur chun cinn. Mar bhall neamhbhuan de Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, táimid ag cur an tsaoirse agus an tslándáil, an ceartas aeráide agus an comhionannas inscne i gcroílár ár dtosaíochtaí, agus muid ag tabhairt cuidithe chun ceisteanna na stát agus na bpobal leochaileach a chur chun cinn. Tá sé mar aidhm na straitéise seo an obair sin agus na ceisteanna ar a bhfuil aghaidh á tabhairt a cheangal le braistint níos leithne um Shaoránacht Dhomhanda sa bhaile.

Eascraíonn an cháipéis seo as obair láidir na straitéisí roimhe agus í ag feidhmiú mar thoradh de an-ionchur ó an-chuid páirtithe leasmhara lena n-áirítear an t-aos óg, grúpaí pobail, institiúidí oideachais, ENRanna agus ranna Rialtais. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo as páirt ghníomhach agus fhonnmhar a ghlacadh sa phróiseas, lena gcuimsítear an slua de níos mó ná 300 duine a ghlac páirt inár gcruinnithe fíorúla Halla an Bhaile. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil chomh maith leis na heagraíochtaí agus na cleachtóirí Oideachais Forbartha agus Oideachais um Shaoránacht Dhomhanda timpeall na hÉireann chomh maith le ranna agus le gníomhaíochtaí Rialtais, le heagraíochtaí cumainn shibhialta agus le hinstitiúidí oideachais a chuir le forbairt na straitéise nua seo.

Má thaispeánann an phaindéim dhomhanda rud amháin dúinn, léiríonn sí go bhfuilimid go léir nasctha le chéile, is cuma cén áit sa domhan ina bhfuilimid inár gcónaí. Múnlóidh ár bhfreagairt ar an tuiscint sin todhchaí ár bpláinéid. Tá gá le gníomh.

**Simon Coveney, T.D.**
An tAire Gnóthaí Eachtracha

# Réamhrá

An tAire Stáit um Chúnamh Forbartha Thar Lear agus Diaspóra
Colm Brophy, T.D.



*© DFA*

Tá *Straitéis Oideachais um Shaoránacht Dhomhanda Chúnamh Éireann* ag teacht chun cinn ag tráth tábhachtach d'Éirinn agus don phobal domhanda ar an iomlán. Beidh an domhan ag dul i ngleic le dúshláin ollmhóra sna blianta atá amach romhainn, lena n-áirítear an t-athrú aeráide, an bhochtaineacht dhomhanda, an t-ocras agus an éagóir. Léiríonn paindéim COVID-19 go bhfuil an tsochaí dhomhanda níos nasctha anois ná mar a bhí riamh ag aon am eile i stair an domhain agus go bhféadfar móréifeacht a bheith ag imeachtaí i gcuid amháin den phláinéad orainn go léir. Taispeánann sí dúinn chomh maith gurb é an bealach is éifeachtaí chun na dúshláin dhomhanda seo a shárú ná meascán de ghníomh an duine aonair agus de chomhghníomhaíocht i dtreo sprice comhpháirtí.

Feidhmíonn an fheasacht seo mar thúsphointe na straitéise nua seo, a leagann amach conas go spreagfar an Roinn Gnóthaí Eachtracha an pobal chun dul i ngleic leis na dúshláin seo. Mar an tAire Stáit um Chúnamh Forbartha Thar Lear agus Diaspóra, chuir mé an-suim i bhforbairt an phlean seo, ag dul i dteagmháil le baill an phobail - go háirithe leis an aos óg - le linn na céime comhairliúcháin.

Thuig mé go maith gur cheart a bheith cinnte go nglacaimid an méid is mó daoine agus is féidir isteach sa chomhrá faoi na ceisteanna seo agus go gcuidíonn an straitéis linn chun leanúint ar aghaidh ag tacú le hobair um oideachas foirmiúil agus neamh-fhoirmiúil, lena n-áirítear le grúpaí óige agus pobail chomh maith le comhlachtaí ionadaíocha. Tá mé ag iarraidh ár gcomhpháirtithe a spreagadh i gcomhair nuálaíochta agus cruthaíodh an Ciste Dúshláin Nuálaíochta speisialta seo chun tacaíocht a thabhairt dóibh agus iad i mbun na hoibre sin. Déanfaimid iarracht chomh maith feasacht agus tuiscint a mhéadú maidir leis an tslí gur féidir le ról an chomhoibrithe forbartha aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht dhomhanda agus ar neamhionannas agus maidir le ról Chúnamh Éireann ar son mhuintir na hÉireann.

Tógfar an straitéis seo ar an-chuid blianta d'obair sa réimse seo. Ó 2017 ar aghaidh, d'éirigh le Cúnamh Éireann comhpháirtíochtaí straitéiseacha a bhí ann cheana a neartú agus a leathnú, agus tús a chur le cinn nua, lena n-áirítear Ógra 2030 d'earnáil an ógra agus Saolta d'earnálacha an oideachais aosaigh agus pobail. Mhéadaíomar méid agus réimse na gcomhpháirtithe OSD agus iad ag soláthar a gcuid clár i suíomhanna éagsúla ar fud oileán na hÉireann. Tá rannpháirtíocht ghníomhach déanta againn chomh maith le réimse leasuithe ar bheartais agus ar churaclaim, ag obair leis an Roinn Oideachais chun ceisteanna na saoránachta domhanda agus na hinbhuanaitheachta a neartú ar fud na gcuraclam, maidir le hOiliúint Tosaigh Múinteoirí agus le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach. Tá moladh ar leith tuillte ag baill Chumann um Oideachas Forbartha na hÉireann (IDEA) i dtaca leis an ról lárnach a bhí acu maidir le hullmhú na cáipéise seo.

Níl aon amhras ann go mbeidh an pobal domhanda ag dul i ngleic le an-chuid dúshlán amach anseo. Cuideoidh an *Straitéis Oideachais um Shaoránacht Dhomhanda Chúnamh Éireann 2021-2025* linn chun na dúshláin sin a réiteach. Guím gach rath ar an obair.

**Colm Brophy T.D.**

An tAire Stáit um Chúnamh Forbartha Thar Lear agus Diaspóra

# Ár Straitéis

"Baineann tábhacht straitéiseach le hOideachas um Shaoránacht Dhomhanda mar chuid lárnach dár bhfreagra ar na ceisteanna móra atá roimh an bpobal domhanda - bíodh sé ag baint le hathrú aeráide, neamhionannas domhanda, ocras nó éagóir."

**An tAire Stáit um Chúnamh Forbartha Thar Lear agus Diaspóra, Colm Brophy T.D.**

## Céard atáimid ag iarraidh a bhaint amach?

Táimid ag iarraidh tuiscint níos leithne de shaoránacht dhomhanda a thógáil in Éirinn, ag spreagadh an phobail chun dul i ngleic leis agus foghlaim faoi shaincheisteanna an 21ú haois - athrú aeráide, ocras, síocháin, neamhionannas domhanda agus éagóir san áireamh.

Táimid ag iarraidh an pobal a spreagadh chun cabhrú le todhchaí níos cothroime agus inbhuanaithe a thógáil do chách, ina n-aonar nó i dteannta a chéile.

Mar chuid den chomhrá seo, táimid ag iarraidh go mbeadh tuiscint níos fearr ag an bpobal ar an tslí a n-oibríonn Cúnamh Éireann chun dul i ngleic le bochtaineacht agus neamhionannas domhanda ar a shon, mar chuid de chuntasacht agus trédhearcacht ár gcuid oibre.

## Cé leo a n-oibreoimid?

Oibreoimid, ar fud oileán na hÉireann, le múinteoirí, oiliúnóirí agus oideachasóirí eile; daltaí agus scoláirí sa bhunscoil, iarbhunscoil, breisoideachas agus tríú leibhéal; daoine óga agus oibrithe óige; oibrithe deonacha; cleachtóirí oideachais aosaigh agus pobail agus na pobail agus grúpaí a oibríonn leo. Oibreoimid le institiúidí oideachais, ENRanna agus eagraíochtaí deonacha. Oibreoimid go dlúth le Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí eile.

Táimid ag iarraidh comhrá níos leithne agus níos doimhne a chruthú faoi na saincheisteanna ríthábhachtacha seo, ag tabhairt isteach gach cuid den tsochaí, imircigh, an lucht siúil, luathfhágálaithe scoile, an earnáil phríobháideach, ceardchumainn agus an Rialtas Áitiúil.

Cuirfimid nuálaíocht agus smaointeoireacht nua chun cinn le tacaíocht nua do pháirtithe a bhfuil spéis acu bealaí nua a úsáid chun ár gcuspóirí coiteanna a bhaint amach.

## Céard atá Nua?

Déanfaimid an méid seo a leanas:

- maoiniú a mhéadú d'oideachas um shaoránacht dhomhanda go €10 milliún in aghaidh na bliana le linn shaolré na straitéise seo;
- clár oideachais do bhunscoileanna nua a sheoladh in 2021 agus na bealaí a bhféadfaimis é seo a leathnú amach go hoideachas luathbhlianta a fhiosrú;
- Tionscnamh Pobail athnuaite a sheoladh chun daoine ó chúlraí éagsúla a shroicheadh, daoine atá ar an imeall ón oideachas phríomhshrutha san áireamh;
- ár rannpháirtíocht le gnólachtaí agus ceardchumainn a neartú;
- ár rannpháirtíocht le Rialtas Áitiúil a neartú, ag baint úsáid as Líonraí Rannpháirtíochta Pobail chun dul i dteagmháil le pobail;
- chomhpháirtíocht straitéiseach nua a fhorbairt don earnáil tríú leibhéal agus don Oiliúint Tosaigh Múinteoirí iarbhunscoile - ag cur leis an obair atá á dheanamh againn cheana féin le DICE, le SUAS, agus an clár Ubuntu;
- Ciste Dúshlán Nuálaíochta a sheoladh chun smaointeoireacht nua faoin mbealach gur féidir linn, agus ár bpáirtithe, comhrá poiblí a spreagadh agus a doimhniú faoi na saincheisteanna domhanda ríthábhachtacha;
- maoiniú a mhéadú ar thaighde ar oideachas um shaoránacht dhomhanda agus úsáid na foghlama digití agus teicneolaíochtaí nua chun ár gcuid oibre a chur chun cinn, dul i gcion ar fhoghlaimeoirí nua agus pobail agus naisc a thógáil le scoileanna, institiúidí, grúpaí óige agus an Deisceart Domhanda;
- Ionad Chúnamh Éireann athshamhlaithe, a fhorbairt chun feasacht agus tuiscint ar chlár oibre Chúnamh Éireann a thógáil;
- athbhreithniú a dhéanamh ar ár meicníochtaí maoinithe chun ár bpróiseas a dhéanamh níos éifeachtaí.

# Cén fáth an tOideachas um Shaoránacht Dhomhanda?




*Kelvin Akpaloo agus Philomena Obasi le baill óige den Fhoireann Damhsa Ealaíon Pobail i dTamhlacht ag One World Week 2019 san RDS. Grianghraf: Kyran O'Brien*

Sainíonn Cúnamh Éireann an tOideachas um Shaoránacht Dhomhanda (OSD) mar phróiseas oideachais ar feadh an tsaoil, a bhfuil sé mar aidhm aige tuiscint agus feasacht phoiblí a mhéadú faoin domhan idirspleách, éagothrom ina gcónaímid, domhan atá ag athrú go tapa. Trí dhúshlán a thabhairt do steiréitíopaí agus trí smaointeoireacht neamhspleách a spreagadh, cabhraíonn OSD le daoine chun fiosrúchán criticiúil a dhéanamh ar an tslí a bhfuil fadhbanna maidir le ceartas domhanda ceangailte lena ngnáthshaol, agus conas gur féidir leo domhan níos fearr a thógáil. Tá sé seo tábhachtach go háirithe i saol atá ag éirí níos domhandaithe le dúshláin ollmhóra ar nós iarmhairtí COVID-19, athrú aeráide, bochtaineacht thrinisithe agus éagothroime atá ag fás chomh maith le radacú atá á spreagadh ag eolas míchruinn.

Tá prionsabail de Chód Dea-Chleachtais um Oideachas Forbartha (IDEA 2019) mar bhonn faoin obair a dhéanann Cúnamh Éireann sa réimse seo. Go suntasach, tacóidh muid le rannpháirtíocht eolach an phobail agus díospóireacht faoin ról atá ag an gcomhoibriú forbartha, tuiscint agus feasacht ar an obair a dhéanann Cúnamh Éireann chun dul i ngleic le bochtaineacht dhomhanda agus neamhionannas.

> "Tá tírdhreach domhanda éiginnte romhainn, teannais agus coimhlintí réigiúnacha go forleathan; teip ar chórais um rialú arm idirnáisiúnta; an bhagairt ó ghrúpaí sceimhlitheoireachta agus gníomhaithe eile nach gníomhaithe stáit iad, agus an dúshlán domhanda den athrú aeráide, atá ag cur go mór le héagobhsaíocht agus coimhlint. Rinneadh na dúshláin seo níos measa mar gheall ar an gcoróinvíreas, agus mar gheall ar an sceipteachas atá ag fás i gcodanna áirithe den phobal faoi luach an ioltaobhachais."
>
> **An tAire Gnóthaí Eachtracha, Simon Coveney, IIEA 22ú Eanáir 2021**

# Cód Dea-Chleachtais um Oideachas Forbartha

## 12 Phrionsabal Lárnacha

### Cleachtas Oideachais

01 Cur le **hEolas** in Éirinn maidir le forbairt dhomhanda

02 Iniúchadh a dhéanamh ar **Bhunchúiseanna** éagóir agus éagothroime áitiúil agus dhomhanda inár ndomhan idirspleách

03 Bheith soiléir maidir le **héiteas Oideachais Forbartha**

04 **Smaointeoireacht Chriticiúil** ar an iniúchadh atá á dhéanamh againn ar fhadhbanna maidir le héagóir áitiúil agus dhomhanda agus lorg na réiteach a spreagadh

05 Modheolaíochtaí **Cruthaitheacha** agus **Rannpháirtíochta** a úsáid

06 **Acmhainní** agus **Ábhair d'ardchaighdeán** bunaithe ar an bhfoghlaim leanúnach a chruthú agus a úsáid

07 **Scileanna** le haghaidh **gníomh fiúntach agus eolach** a thógáil a bhfuil cur chuige comhchoiteann aige

08 **Ag samhlú** agus **ag fiosrú réiteach** do dhomhan níos fearr

09 Bheith gníomhach ag **foghlaim agus machnamh a dhéanamh** go leanúnach faoinár gcleachtas um Oideachas Forbartha agus aiseolas na rannpháirtithe

### Cleachtas Eagraíochtúil

10 Bheith soiléir faoi **Straitéis Oideachais Forbartha** agus **Plean Gníomhaíochta**

11 **Phríomhluachanna** an Oideachas Forbartha a léiriú

12 **Ag déanamh abhcóideachta** le haghaidh **Oideachas Forbartha d'Ardchaighdeán**

IDEA
IRISH DEVELOPMENT EDUCATION ASSOCIATION

Tá tuilleadh eolais faoin gCód Dea-Chleachtais um Oideachas Forbartha, chomh maith le hábhair tacaíochta, le fáil ón IDEA, Cumann Oideachais Forbartha na hÉireann: **www.ideaonline.ie**

Aibreán 2021

Tá go leor i bpáirt ag OSD le foirmeacha eile d'oideachas um luachanna, go háirithe maidir le hOideachas san Fhorbairt Inbhuanaithe (OFI). Tá na sineirgí seo a leanas san áireamh:

- ag tabhairt le chéile, trí chur chuige iomlánaíoch i dtaobh réimse leathan ábhair choitianta agus saincheisteanna ar nós chearta an duine, inbhuanaitheacht chomhshaoil agus athrú aeráide, síocháin agus neamhfhoréigean, bochtaineacht agus ocras domhanda, ilchultúrthacht, frithchiníochas agus comhionannas inscne;
- béim ar cheartas, idircheangailteacht agus dlúthpháirtíocht;
- béim ar na gnéithe áitiúla agus domhanda de na saincheisteanna a bhfuil tionchar acu ar dhaoine agus ar an bpláinéad;
- ag úsáid próisis oideachas rannpháirtíochta i suíomheanna oideachais foirmiúila, seachfhoirmiúila nó neamhfhoirmiúila[1].

Tá go leor i bpáirt ag OSD le hoideachas um chearta an duine, oideachas um shíocháin agus cosc na coimhlinte agus oideachas idirchultúrtha.

Tacaíonn Cúnamh Éireann le hoideachas sa chiall is leithne, ag taca leis an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil trí chuir chuige fhoirmiúla, sheachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla.



### Oideachas foirmiúil

Tarlaíonn sé i scoileanna, coláistí breisoideachais agus institiúidí ardoideachais. Tá torthaí foghlama sainithe agus próiseas tástála foirmiúla aige.



### Oideachas seachfhoirmiúil

Tarlaíonn sé in áiteanna taobh amuigh de shuíomhanna foirmiúla, de ghnáth, i suíomhanna oideachais amhail ionaid oideachais, clubanna óige, ionaid acmhainní do theaghlaigh agus grúpaí do dhaoine níos sine. Tá struchtúr aige ach níl aon phróiseas foirmiúil measúnaithe aige. Tá an foghlaimeoir ann ar bhonn deonach agus go páirtaimseartha.



### Oideachas neamhfhoirmiúil

Baineann sé leis na bealaí eile ar fad a bhfoghlaimíonn daoine ar feadh an tsaoil: ag foghlaim óna chéile, ó na meáin agus na meáin shóisialta san áireamh, ó chuairt a thabhairt ar mhúsaeim, leabharlanna agus taispeántais.

1 Curtha in oiriúint ó Oideachas Domhanda san Eoraip, Coincheapa, Sainmhínithe agus Aidhmeanna (GENE- 2018)

# Ár gComhthéacs Beartais

## Comhthéacs Beartas Idirnáisiúnta

I Meán Fómhair 2015, ghlac 193 tír le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA. Tá sé mar aidhm ag na spriocanna seo deireadh a chur le bochtaineacht, dul i ngleic le díghrádú comhshaoil agus athrú aeráide agus domhan níos síochánta, níos inbhuanaithe agus níos cothroime a thógáil do chách. Tá sé mar aidhm ag SFI 4 "cinnte a dhéanamh faoi oideachas d'ardchaighdeán atá ionchuimsitheach agus cothrom agus foghlaim ar feadh an tsaoil a chur chun cinn". Tugann sprioc 4.7 Oideachas um Fhorbairt Inbhuanaithe agus Oideachas Saoránachta Domhanda le chéile, ag díriú ar na gnéithe sóisialta, mothúchánacha agus iompraíochta d'oideachas agus ag impí ar thíortha chun:

> "Cinnte a dhéanamh go bhfaigheann foghlaimeoirí an t-eolas agus na scileanna riachtanacha chun forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn agus i measc roinnt eile, trí oideachas um fhorbairt inbhuanaithe (OFI) agus trí stíleanna maireachtála inbhuanaithe, cearta daonna, comhionannas inscne, cur chun cinn cultúr síochána neamhfhoréigin, saoránacht dhomhanda agus tuiscint ar éagsúlacht chultúir agus ar chúnamh an chultúir i bhforbairt inbhuanaithe".
>
> (Creat Táscairí Domhanda na SFIanna a/RES/71/313)

Ó 2015, tá níos mó aitheantais faighte ag an tábhacht a bhaineann le bheith ag díriú ar an oideachas foirmiúil, chomh maith leis an oideachas seachfhoirmiúil agus an t-oideachas neamhfhoirmiúil d'fhoghlaimeoirí de gach aois chun sprioc 4.7 a bhaint amach roimh 2030. In 2020, sheol UNESCO plean oibre i dtaca le OFI go 2030, a thabharfaidh tús áite do bheartas a chur ar aghaidh, deiseanna chun acmhainní a fhorbairt a chur roimh oideachasóirí agus cur chuige iomlánaíoch institiúide a chur chun cinn chomh maith le fócas neartaithe ar rannpháirtíocht na hóige agus ag cumhachtú gníomhartha ar an leibhéal áitiúil.

D'aithin Conclúidí ó Chomhairle an AE i Meitheamh 2020, an ríthábhacht a bhaineann le bheith rannpháirteach le daoine óga agus iad ina bpríomhdhéantóirí athraithe agus Comhdhearcadh Eorpach maidir le Forbairt, na SFIanna agus Comhaontú Pháras ar Athrú Aeráide a chur i bhfeidhm, ag tabhairt gealltanais breisiú a dhéanamh ar

> "...shaoránacht dhomhanda ghníomhach trí rannpháirteachas domhanda neartaithe, trí oideachas forbartha agus ardú feasachta (DEAR), lena n-áirítear oiliúint, gníomhaíochtaí oibre óige agus ardú feasachta maidir le cearta daonna, forbairt inbhuanaithe agus dea-rialachas."

## Beartas Eachtrach na hÉireann

Is iad na trí phríomhstraitéis a threoraíonn ár gcuid oibre ná:

An tOileán Domhanda: Ag croílár bheartas eachtrach na hÉireann, cuireann an tOileán Domhanda (2015) ár dtacaíocht in iúl chun domhan níos cothroime, níos córa, níos slándála agus níos inbhuanaithe a chinntiú. Léirítear é seo trínár gclár forbartha idirnáisiúnta, chomh maith lenár rannpháirteachas maidir le cearta daonna, síochánaíocht, dí-armáil agus slándáil.

Éire Dhomhanda: Lorg Domhanda na hÉireann go dtí 2025: Seolta in 2018, tugann Éire Dhomhanda faoi thionchar na hÉireann ar fud an domhain a dhúbailt. Príomhchuspóir de chuid na straitéise is ea rannpháirtíocht na saoránachta a neartú, feasacht agus tuiscint a chothú ar chuspóirí fadtéarmacha beartais eachtrach na hÉireann. Tá Cúnamh Éireann, clár forbartha idirnáisiúnta na hÉireann, ina léiriú inbhraite ar uaillmhian Éire Dhomhanda.

Domhan Níos Fearr:Tugann Beartas na hÉireann um Fhorbairt Idirnáisiúnta, Domhan Níos Fearr, gealltanas d'fhócas níos treise ar an tsaoránacht dhomhanda agus rannpháirteachas poiblí. Deir sé go mbeidh oideachas na saoránachta domhanda ina ghné thábhachtach don chur chuige atá á fhorbairt againn chun na daoine is faide ar gcúl a shroicheadh ar dtús agus beidh sé mar bhonn leis ár rannpháirtíocht phobail níos leithne. Áirítear leis gealltanas chun níos mó acmhainní a chur ar fáil chun ár gcuspóirí a bhaint amach.

Ina theannta sin, cuireann straitéisí réigiúnacha, amhail straitéis na hÉireann don Afraic go dtí 2025, seolta in 2019, béim ar lárnacht na cumarsáide éifeachtaí agus an rannpháirteachais phoiblí sa chur chuige atá againn.




*Scoláirí ó Choláiste Beaufort agus ó Mheánscoil an Teaghlach Naofa ag déanamh ceiliúradh ar a bPas Domhanda Speisialta WorldWise ag Comhdháil Bhliantúil Scoileanna Domhanda WorldWise 2017. Grianghraf: WWGS.*

## Comhthéacs Beartas sa Bhaile: Oideachas um Fhorbairt Inbhuanaithe agus Oideachas um Shaoranacht Dhomhanda

Tá gnéithe coitianta idir obair Cúnamh Éireann maidir le hOideachas Saoránachta Domhanda agus ról roinnt ranna Rialtais eile. Agus an straitéis seo á cur i bhfeidhm, oibreoimid go dlúth leis an Roinn Oideachais agus an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta i dtaobh Oideachas le haghaidh Forbairt Inbhuanaithe. Chomh maith leis sin, oibreoimid leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige maidir leis an mbeartas ionchuimsithe agus frithchiníochais. Oibreoimid leis an Roinn Chomhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide maidir leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe; agus leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus obair á déanamh acu le pobail ar fud an Stáit. Oibreoimid chomh maith le príomheagraíochtaí amhail an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, an Chomhairle Mhúinteoireachta agus údaráis áitiúla.

# An Dul Chun Cinn go dtí Seo

Ó bhí 2017, tá Cúnamh Éireann rannpháirteach le breis agus milliún foghlaimeoir ar gach aois ar fud na tíre. Tá rannpháirtíocht ghníomhach déanta againn le réimse leasuithe ar bheartais agus curaclam le roinnt blianta anuas, ag obair leis an Roinn Oideachais chun gné na saoránachta domhanda a neartú ar fud na gcuraclam, go háirithe ag an leibhéal iar-bhunscoile. Tá dul chun cinn suntasach feicthe againn sa réimse seo, lena n-áirítear leasú na Sraithe Sóisearaí agus tabhairt isteach 'An Pholaitíocht agus an tSochaí'don Ardteistiméireacht. Príomhréimse eile dul chun cinn ná tabhairt isteach caighdeáin nua le haghaidh Oideachas Tosaigh Múinteoirí (OTM), 'Céim', ag an gComhairle Mhúinteoireachta. Tá OSD anois mar chuid de na seacht gcroíghné atá mar thaca faoi gach gné den OTM.

Ag leibhéal na bunscoile, tacaímid le tionscadal DICE (Tionscadal Oideachas Forbartha agus Idirchultúrtha), a cuireadh ar bun in 2003, agus a thacaíonn le hionchuimsiú OSD in oideachas tosaigh bunmhúinteoireachta in institiúidí ardoideachais.[2] Faigheann gach múinteoir bunscoile, a fhaigheann a gcuid oideachais in Éirinn leibhéal áirithe ullmhaithe maidir le OSD.

Tugaimid tacaíocht chomh maith do chomhpháirtithe a oibríonn go díreach le bunscoileanna, a chuireann oiliúint ar mhúinteoirí agus a fhorbraíonn acmhainní. Ina measc seo tá An Taisce, a thug saoránacht dhomhanda isteach mar chuid dá chlár Scoileanna Glasa - ag sroicheadh 1176 bunscoil i mbliain acadúil 2019-2020, nó 37% de na bunscoileanna ar fad in Éirinn, lena bhratacha saoránachta domhanda.

Ag an leibhéal iarbhunscoile, shroich Scoileanna Domhanda WorldWise (SDWW), a chuir Cúnamh Éireann ar bun in 2012, 70% de na scoileanna iarbhunscoile in 2020 le tacaíochtaí díreacha chuig scoileanna agus Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL). Reáchtálann SDWW scéim ghradaim, an Pas Domhanda, agus cuirtear maoiniú deontais ar fáil do scoileanna, líonraí agus eagraíochtaí neamhrialtasacha, agus tá réimse acmhainní bunaithe ar an gcuraclam forbartha acu a nascann oideachas saoránachta domhanda le réimsí ábhair faoi leith.


I gcomhpháirt le Líonra Ubuntu, tacaíonn Cúnamh Éireann le soláthar OSD do mhúinteoirí iarbhunscoile faoi oiliúint in 11 institiúid ardoideachais.

Tá Cúnamh Éireann rannpháirteach le 23 ceann as 26 Institiúid Ardoideachais in Éirinn. Oibríonn ár gcomhpháirtí straitéiseach, SUAS, le hAontas na Mac Léinn in Éirinn agus le cumainn mac léinn ar champais ar fud na tíre. Chomh maith leis sin, eagraíonn siad an fhéile bhliantúil STAND do mhic léinn, a dhírigh ar shaincheist na ndídeanaithe agus na himirce in 2020. Tacaímid freisin le hionchuimsiú OSD mar chuid de churaclaim fhoirmiúla agus oiliúint léachtóirí, lena n-áirítear tacaíocht do Thionscadal Praxis i gColáiste na hOllscoile Corcaigh agus d'Innealtóirí gan Teorainn.

Ó bhí 2017 ann, tá rannpháirtíocht neartaithe ag Cúnamh Éireann leis na hearnálacha óige, daoine fásta agus pobail, trí Youth 2030, tionscnamh faoi stiúir Chomhairle Náisiúnta na nÓg i gcomhpháirt le Concern Worldwide, Trócaire agus Ollscoil Mhá Nuad. Tacaíonn an clár le hoiliúint oibrithe óige in eagraíochtaí agus cláir ar fud na tíre agus féile bhliantúil óige, One World Week.

Tá tacaíocht tugtha ag Cúnamh Éireann d'eagraíochtaí óige, amhail ECO-UNESCO, Gasógaíocht Éireann, Banóglaigh na hÉireann, Nuálaithe Sóisialta Óga agus Gaisce do thionscadail maidir le saoránacht dhomhanda agus urraíonn sé an Duais 'Eolaíocht ar son na Forbartha' ag Taispeántas Eolaí Óg agus Teicneolaíochta BT gach bliain.

2 Institiúid an Oideachas, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath; Roinn Froebel, Ollscoil Mhá Nuad; Institiúid Oideachais Marino, Coláiste na Tríonóide; Coláiste Mhuire Gan Smál, Ollscoil Luimnigh.




Seoladh an chomhphairtíocht is déanaí de chuid Chúnamh Éireann, 'Saolta', in 2019 d'earnálacha oideachais na ndaoine fásta agus an phobail. Stiúrann Development Perspectives cuibhreannas le Concern Worldwide, Nasc Tuaithe na hÉireann agus Aontas, an eagraíocht náisiúnta um fhoghlaim daoine fásta. Is gné lárnach den chlár é oiliúint na n-oideachasóirí daoine fásta agus pobail, lena n-áirítear 'urlabhraithe SFI'. Tá tacaíocht tugtha do na Líonraí Rannpháirtíochta Pobail chun na SFIanna agus téamaí saoránachta domhanda a ionchuimisiú i bpleananna forbartha na gcathracha agus na gcontaetha. Tá obair déanta ag Cúnamh Éireann le heagraíochtaí amhail AKIDWA (an líonra náisiúnta imirceach mná a chónaíonn in Éirinn), Ceartas Airgeadais Éireann, Ionad um Dhlúthpháirtíocht le Meiriceá Laidineach, Ionad Domhain Amháin na Gaillimhe, Páirtíocht Forbartha Inis Eoghain agus Seirbhísí Óige agus Pobail Lourdes atá ag obair i lár chathair Bhaile Átha Cliath agus an Lárionad d'Oideachas Domhanda atá lonnaithe i mBéal Feirste.

Tá obair déanta ag Cúnamh Éireann chomh maith chun acmhainn na n-eagraíochtaí atá ag obair in OSD in Éirinn a fhorbairt, go háirithe ár gcomhpháirtíocht le Cumann Oideachais Forbartha na hÉireann (IDEA). Ba chéim thábhachtach chun tosaigh don earnáil ab ea forbairt an Chóid Dea-Chleachtais um Oideachas Forbartha in 2019, arna stiúradh ag IDEA.

Tacaíonn Cúnamh Éireann le OSD chomh maith:

» tríd ár nIonad Chúnamh Éireann i lár Bhaile Átha Cliath, a bhfuil fáilte curtha aige roimh beagnach 20,000 duine ó bhí 2017 ann - daltaí iarbhunscoile go príomha agus líon níos lú daltaí bunscoile, chomh maith le múinteoirí bunscoile faoi oiliúint;

» lenár dtacaíocht d'eagraíochtaí neamhrialtasacha na tíre um fhorbairt idirnáisiúnta, dá n-obair maidir le bheith rannpháirteach leis an bpobal maidir le saincheisteanna saoránachta domhanda le himeachtaí, oiliúint, na meáin agus rannpháirteachas ar líne ;

» le Gradaim Chúnamh Éireann Ár nDomhan, a mheall breis agus 200 iontráil ó bhunscoileanna ar fud na tíre ó bhí 2017 ann, agus tá sé ina chomórtas ar a bhfuil an-tóir do bhunscoileanna sa tír;

» lenár dtacaíocht do www.developmenteducation.ie mol ar líne le haghaidh acmhainní oideachais forbartha agus é ina thacaíocht thábhachtach do mhúinteoirí, oideachasóirí agus oidí.

Irish Aid
Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Straitéis Oideachais Forbartha Chúnamh Éireann

## Dul chun cinn á dhéanamh ar oideachas saoránachta domhanda ar fud na hÉireann 2017-2020

**71%**

**díobh siúd a ndearna suirbhé orthu**

in ann sampla a thabhairt faoin gcaoi a ndeachaigh imeacht **oideachais forbartha** i bhfeidhm ar a meon nó ar a n-iompraíocht

**303**

**táirge eolais nua nó leasaithe***

*leabhair, físeáin, irisí, cluichí a fhorbraíonn eagraíochtaí sochaí sibhialta agus institiúidí oideachais chun foghlaimeoirí a shroicheadh

**9,829**

**múinteoir bunscoile faoi oiliúint a fuair oiliúint maidir**

le hoideachas forbartha

**894,937**

**foghlaimeoir a scroicheadh ar fud na tíre**

**31%** **de bhunscoileanna**

**64%** **d'iarbhunscoileanna**

a tacaíodh leo ar fud na tíre

**6,204**

**múinteoir bunscoile agus iarbhunscoile**

a d 'fhreastail ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) maoinithe ag Cúnamh Éireann


## 23 as 26




**Institiúid Ardoideachais in Éirinn**
a chuir cúrsaí oideachais forbartha agus tacaíochtaí eile arna maoiniú ag **Cúnamh Éireann** ar fáil

## 17,196

**foghlaimeoir san earnáil oideachais fásta agus pobail scoichte**





## 19,380

**duine a d'fhreastail ar cheardlanna Ionad Chúnamh Éireann**

## 5,706

**duine óga**

a fuair rochtain ar **oideachas forbartha** trí eagraíochtaí óige



## 6,124

**oideachasóir óige, fásta agus pobail, agus oibrithe deonacha idirnáisiúnta**



a d'fhreastail ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) maoinithe ag **Cúnamh Éireann**



## 207

**iontráil ó bhunscoileanna**

**ar Ghradaim Chúnamh Éireann Ár nDomhan**

# Céard atáimid ag iarraidh a bhaint amach?

## Sprioc

Go mbeadh teacht ag daoine in Éirinn ar Oideachas um Shaoránacht Domhanda d'ardchaighdeán ar feadh an tsaoil, ag cur ar a gcumas a bheith gníomhach mar shaoránaigh dhomhanda atá tiomanta do thodhchaí níos cothroime agus inbhuanaithe do chách

## Spriocghrupaí

Múinteoirí, oiliúnóirí agus oideachasóirí eile; daltaí agus mic léinn sna luathbhlianta, sa bhunscoil, iarbhunscoil, breisoideachas agus tríú leibhéal; oibrithe deonacha; daoine óga agus oibrithe óige; imircí; an lucht siúil; luathfhágálaithe scoile; gnó; ceardchumainn; cleachtóirí oideachais aosaigh agus pobail agus na grúpaí a oibríonn leo; institiúidí oideachais agus ENRanna.

## Toradh

Go mbeadh níos mó inrochtaineachta ag an Oideachas um Shaoránacht Domhanda in Éirinn, caighdeán níos airde aige agus go mbeadh sé ag freastal ar níos mó daoine.

## Aschur 1

**FOGHLAIMEOIRÍ AGUS A bPOBAIL**

Dul i i dteagmháil le daoine ó chúlraí éagsúla, daoine atá ar an imeall ón oideachas príomhshrutha san áireamh

## Aschur 2

**BEARTAS AGUS CURACLAM**

Ag neartú chomhleanúnachas beartais agus lánpháirtiú d'oideachas um shaoránacht dhomhanda le príomhbheartais agus príomhchuraclaim

## Aschur 3

**INSTITIÚIDÍ**

Institiúidí agus eagraíochtaí neartaithe ag obair chun oideachas um shaoránacht dhomhanda d'ardchaighdeán a sholáthar agus cur chuige straitéiseach agus comhoibríoch tacaithe

## Aschur 4

**OIDEACHASÓIRÍ**

Acmhainneacht mhéadaithe i measc oideachasóirí agus cleachtóirí chun oideachas ardchaighdeáin saoránachta domhanda a sholáthar

## Aschur 5

**FEASACHT MAIDIR LE CÚNAMH ÉIREANN**

Rannpháirtíocht phobail neartaithe agus tuiscint ar chomhar um fhorbairt, obair Chúnamh Éireann agus na SFIanna

# 1

# Aschur 1: Foghlaimeoirí agus a bPobail

Dul i dteagmháil le daoine ó chúlraí éagsúla, daoine atá ar an imeall ón oideachas príomhshrutha san áireamh

Seolfaidh muid Tionscnamh Pobail athnuaite, ag cur leis an obair a rinneamar le Saolta agus lenár ndeontas tacaíochta. Cuirfimid níos mó béime ar ár rannpháirtíocht le pobail ar fud na tíre, pobail tuaithe agus uirbeacha, ag méadú tacaíocht ag leibhéal an phobail, le hionaid acmhainní do theaghlaigh, grúpaí ban, grúpaí um dhaoine níos sine, eagraíocht pobalbhunaithe ag díriú ar fhir, ar nós Seid na bhFear, chomh maith le heagraíochtaí spóirt, ealaíona agus cultúrtha. Díreoimid go sainiúil ar foghlaimeoirí fásta atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta nó imeallaithe.

Cuirfimid le líon agus réimse na ndaoine óga a ndéanfaimid teagmháil leo, le béim ar éagsúlacht, cothromaíocht inscne agus cothromaíocht maidir le dáileadh tíreolaíochta idir ceantair thuaithe agus uirbeacha. Oibreoimid lenár bpáirtithe chun cinntiú go bhfuilimid ag dul i gcion ar dhaoine óga ó chúlraí éagsúla, agus daoine ó chúlraí imirceach chomh maith le daoine óga ón lucht siúil, ón bpobal LADT, ó phobail chreidimh, daoine óga faoi míchumas agus grúpaí óga de pháirtithe polaitíochta.

Leanfaimid ag tabhairt tacaíochta don seachadadh de OSD d'ardchaighdeán atá nasctha leis na curaclaim atá dírithe ar dhaltaí bunscoileanna agus iarbhunscoileanna trínár gclár Scoileanna Domhanda WorldWise, agus clár nua do bhunscoileanna agus tionscnaimh eile. Déanfaimid iarracht chomh maith go mbeadh foghlaimeoirí luathbhlianta ag foghlaim faoi na ceisteanna ag baint le ceartas domhanda.

Déanfaimid iarracht a bheith ag díriú isteach ar réimse níos leithne de scoileanna, scoileanna DEIS[3] san áireamh a chlúdaíonn 27% de iarbhunscoileanna agus 21% de bunscoileanna sa Stát, chomh maith le Gaelcholáistí, Gaelscoileanna agus Scoileanna Speisialta. Neartóimid ár dtacaíocht, FGL agus forbairt acmhainní san áireamh, leis an Ardteistiméireacht Fheidhmeach agus Gairmchlár na hArdteistiméireachta, a chlúdaíonn suas le 30% de gach dalta i gconair na hArdteistiméireachta. Beidh Ógtheagmháil (Youthreach), a bhfuil deiseanna oideachas, oiliúna agus obair aige do luathfhágálaí scoile idir 15 agus 20 bliain d'aois, mar phointe iontrála tábhachtach chun teagmháil a dhéanamh le daoine óga atá ar an imeall ón oideachas príomhshrutha.

Leathnóimid ár dtacaíocht don tríú leibhéal chun teagmháil níos fearr a dhéanamh leis na hOllscoileanna Teicneolaíochta nuabhunaithe agus leis na hInstitiúidí Teicneolaíochta.

Tabharfaimid tacaíocht dár bpáirtithe sna hearnálacha foirmiúla agus sna hearnálacha neamhfhoirmiúla chun leas a bhaint as teicneolaíochtaí nua agus deiseanna um fhoghlaim ar líne, na meáin shóisialta san áireamh. D'athraigh COVID-19 an chaoi a mbíonn daoine ag foghlaim, ag obair, ag bualadh le chéile agus ag déanamh teagmháil lenár bpobail agus tá béim curtha aige seo ar fad ar an gcumas atá ag an bhfoghlaim dhigiteach agus for-rochtain le foghlaimeoirí agus pobail nua timpeall na tíre a thabhairt isteach.

Spreagfaimid ár bpáirtithe chun na deiseanna a thapú atá curtha ar fáil ag teicneolaíochtaí digiteacha nasc a dhéanamh le scoileanna, institiúidí, grúpaí óga agus pobail sa Deisceart Domhanda trí thionscnaimh nasctha agus comhpháirtíochta dírithe ar an bhfoghlaim chomhoibritheacha. Déanfaimid iarracht naisc a thógáil idir ár gclár OSD in Éirinn agus an obair a dhéanann Cúnamh Éireann agus ENRanna forbartha idirnáisiúnta ar fud an domhain.

Beimid tuisceanach faoi éifeacht d'anás digiteach mar tá easpa rochtain do ghléasanna agus leathanbhanda iontaofa chomh maith leis na scileanna riachtanacha, go háirithe maidir le daoine aosta.

3 Comhionannas de Dheiseanna i Scoileanna a Sheachadadh

Leathnóimid ár dtacaíocht do na hÚdaráis Áitiúla chun téamaí saoránachta domhanda a ionchuimsiú i bpleananna forbartha na gcathracha agus na gcontaetha, ag cur leis an obair a rinneamar le Líonraí Rannpháirtíochta Pobail tríd an gclár 'Saolta'.

Tabharfaimid tacaíocht do chláir a chuireann OSD ar fáil d'oibrithe deonacha idirnáisiúnta roimh shocrúcháin agus lena linn, chomh maith le tacaíocht a thabhairt d'oibrithe deonacha le bheith gníomhach mar shaoránaigh dhomhanda ar fhilleadh abhaile dóibh.  Tá ról tábhachtach ag an obair dheonach i gcothú shaoránacht dhomhanda agus ba cheart sé a bheith mar chuid d'ullmhúchán do dhaoine a théann ar shocrúcháin dheonacha idirnáisiúnta chun cinntiú go dtuigeann siad na bunchúiseanna de bhochtaineacht dhomhanda agus éagóir agus na naisc idir fadhbanna áitiúla agus domhanda. Is féidir ról tábhachtach a bheith ag fillithe chun feasacht a thógáil ar an Deisceart Domhanda agus dúshláin a thabhairt do steiréitíopaí agus do mhíthuiscintí. Déanfaimid cinnte go mbeidh comhleanúnachas i gcomhair ár dtacaíocht d'OSD san obair dheonach agus don Chód Dea-Chleachtais 2019-2021 de chuid Comhlámh, maidir le heagraíochtaí a sheolann oibrithe deonacha.

Tabharfaimid tacaíocht d'fhorbairt d'acmhainní nuálaíochta agus do tháirgí eolais atá dírithe ar réimse níos leithne d'fhoghlaimeoirí, ag tacú le forbairt a dhéanamh ar churaclam creidiúnaithe d'fhoghlaimeoirí fásta. Tabharfar aird go speisialta chun cinnte a dhéanamh go bhfuil éagsúlacht ár bpobal agus ár seomraí ranga le feiceáil sna táirgí eolais agus go dtugann siad meas dár tiomantas comhroinnte faoi chearta an duine agus frithchiníochas.



*Chuaigh Comhpháirtí Chúnamh Éireann, Cumann um Oideachas Fhorbartha na hÉireann (IDEA), i gcomhpháirtíocht le Gnó sa Phobal i dTuaisceart na hÉireann (BITCNI) chun foghlaim a roinnt maidir leis na SFlanna a chur i bhfeidhm. Tharla an cheardlann seo i mBéal Feirste i mí Mheán Fómhair 2019. Grianghraf: IDEA*

# 2

# Aschur 2: Beartas agus Curaclam

> Ag neartú chomhleanúnachas beartais agus lánpháirtiú d'oideachas um shaoránacht dhomhanda le príomhbheartais agus príomhchuraclaim

Oibreoimid chun comhleanúnachas tras-rialtais ar OSD agus OFI a neartú. Oibreoimid go dlúth leis an Roinn Oideachais agus an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta i dtaobh Oideachas le haghaidh Forbairt Inbhuanaithe. Oibreoimid chun deiseanna a shainaithint chun ár gcaidreamh a doimhniú cur i gcás leis an Straitéis Náisiúnta um Bhreisoideachas agus Oiliúint 'Future FET': Transforming Learning 2020-2024', atá dírithe go mór ar chuimsiú a chothú.

Beidh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) agus an Chomhairle Mhúinteoireachta fós mar pháirtithe tábhachtacha agus leanfaimid ag tacú le forbairt agus le leagan amach de churaclaim nua do bhunscoileanna agus iarbhunscoileanna trí OTM, FGL agus forbairt acmhainní dírithe de réir mar is cuí.

Scrúdóimid méadú a dhéanamh ar ár n-obair san oideachas luathóige i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar an gcreat Aistear.

Oibreoimid leis an gComhairle Mhúinteoireachta agus páirtithe chun tacú le caighdeáin 'Céim' a chur i bhfeidhm le haghaidh Oideachas Tosaigh Múinteoirí (OTM), a chlúdaíonn OSD mar chuid de na seacht gcroíghné.

Oibreoimid leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail maidir le Straitéis na hÉireann don earnáil phobail agus dheonach in Éirinn, agus an chéad Straitéis Náisiúnta um Obair Dheonach de chuid na hÉireann, do na blianta 2021-2025, ina dtugtar tiomantas chun "obair dheonach idirnáisiúnta le cur chuige eiticiúil agus atá bunaithe ar scileanna a chur chun cinn chun torthaí a fháil do thairbhithe agus cur le rochtain saoránacht dhomhanda in Éirinn".

Neartóimid ár n-obair agus ár gcomhleanúnachas leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus lena Líonraí Rannpháirtíochta Pobail, a thagann le cheile grúpaí pobail, grúpaí deonacha, grúpaí comhshaoil agus grúpaí um chuimsiú sóisialta in údaráis áitiúla ar fud an Stáit.

Oibreoimid leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige maidir le hoideachas luathóige ; an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta i gcoinne an Chiníochais in Éirinn agus creat an bheartais náisiúnta i gcomhair paistí agus daoine óga.

Oibreoimid leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide maidir le Plean Cur chun Feidhme Náisiúnta i gcomhair Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe.

Beidh ról gníomhach fós againn laistigh de Líonra Oideachas Domhanda san Eoraip (LODE) agus sa bhaile, leanfaimid ag obair agus tabhairt tacaíocht do Chumann Oideachais Forbartha na hÉireann (IDEA) sa ról tábhachtach atá aige ag cur acmhainn na hearnála agus ionchuir thráthúla agus chiallmhara a chur ar fáil maidir le próisis forbartha i gcomhair beartais agus curaclaim.




*Comhdháil Scoileanna Domhanda WorldWise 2018. Grianghraf: WWGS*

# 3

## Aschur 3: Institiúidí

Institiúidí agus eagraíochtaí neartaithe ag obair chun oideachas um shaoránacht dhomhanda d'ardchaighdeán a sholáthar agus cur chuige straitéiseach agus comhoibríoch tacaithe




Tacóidh Cúnamh Éireann le cur chuige iomlánaíoch institiúide ar fud na hearnála foirmiúla agus neamhfhoirmiúla OSD a neadú go hinbhuanaithe i ngach gné d'obair institiúide.

Tabharfaidh comhpháirtíocht straitéiseach nua don roinn bunscolaíochta tacaíocht do Chuir Chuige na Scoile Uile, ag comhcheangal OSD i ngach gné de shaol na scoile, ceannaireacht agus bainistíocht scoile a thabhairt isteach san áireamh. Beidh an chéad taighde ar chéim píolótach ag comhcheangail OSD san oideachas luathbhlianta.

Chun ár dtionchar agus ár rannpháirtíocht ag an leibhéal iarbhunscoile a láidriú, oibreoimid chun uimhreacha a mhéadú de scoileanna a bhfuil an gradam, Pas Domhanda de chuid Scoileanna Domhanda WorldWise bainte amach acu le linn shaolré na straitéise seo. Scrúdóimid an chaoi gur féidir leis an ngradam Pas Domhanda a chur in oiriúint d'earnálacha áirithe, ar nós oideachas bunscoile agus earnálacha oideachais neamhfhoirmiúla.




*2018 Clár Ionadaí SFI ó Development Perspectives a dhíríonn ar fheasacht agus ar thuiscint maidir leis na SFIanna a mhéadú i measc daoine atá ag obair in Earnáil an Oideachais Aosaigh agus Pobail. Grianghraf: Development Perspectives*




*Bunscoil Naomh Rónáin i gContae an Dúin ag fáil na Dámhachtana Óir um Oideachas Forbartha ó Children in Crossfire.*
*Grianghraf: Children in Crossfire*

Cuirfimid ar bun comhpháirtíocht straitéiseach nua ar leibhéal institiúide le hearnáil an tríú leibhéal. Tá páirtithe Chúnamh Éireann gníomhach cheana féin i 23 as 26 cinn d'Institiúidí Ard-Oideachais sa Stát. I láthair na huaire, tá an tacaíocht seo dírithe ar chomhtháthú saincheisteanna saoránachta domhanda le cumainn mac léinn trí obair a dhéanamh le hAontas na Mac Léinn in Éirinn agus SUAS. Tá tacaíocht tugtha againn don OSD a chomhtháthú mar chuid d'Oideachas Tosaigh Múinteoirí don bhunscoil agus don iar-bhunscoil, chomh maith le líon beag tionscadal eile a oibríonn le hacmhainní faoi leith. Tá spéis mhéadaithe san OSD ar fud Institiúidí Ardoideachais léirithe sa tiomantas atá acu na SFIanna a chur chun cinn agus iad ag aithint saoránacht dhomhanda mar chumas lárnach na gcéimithe. Is fianaise dó seo iad tionscnaimh amhail an Campas Glas, a fhaigheann tacaíocht ó An Taisce agus Ollscoileanna Tearmainn, Éire. Tá go leor deiseanna ann bheith rannpháirteach le lucht ceannaireachta agus bainistíochta Institiúidí Ardoideachais, chomh maith leis an bhfoireann acadúil, chun comhtháthú OSD a neartú i ngach gné de shaol an champais, idir leasuithe curaclaim agus oiliúint léachtóirí, chomh maith le beartais agus taighde. Chun eolas a chur faoinár gcur chuige, déanfaimid leibhéil reatha chomhtháthú OSD in Institiúidí Ardoideachais a mhapáil.

Tacóimid le tionscnaimh nua chun acmhainneacht na n-eagraíochtaí a neartú i spás neamhfhoirmiúil chun OSD a phríomhshruthú go hinmheánach, lena n-áirítear scéim ghradaim nua féideartha, ar nós Pas Domhanda le haghaidh Coláistí Breisoideachais. Tá breis agus 70 Coláiste Breisoideachais in Éirinn ag soláthar cúrsaí iar-ardteistiméireachta, chomh maith le cúrsaí eile um oideachas do dhaoine fásta, agus d'fhéadfadh an clár seo tionchar straitéiseach inmharthana a bheith aige. Déanfaimid iarracht freisin gné OSD na Seirbhísí BOO um Oideachas do Dhaoine Fásta, a bhí rannpháirteach le 100,000 foghlaimeoir fásta in 2019, agus roinnt acu ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste.

Déanfaimid ár rannpháirteachas leis an earnáil óige in Éirinn a leathnú agus a láidriú thar thréimhse an phlean straitéisigh seo, ag tógáil ar Óige 2030, ár gcomhpháirtíocht straitéiseach le Comhairle Náisiúnta na nÓg, Éire, chomh maith leis an obair atá á déanamh againn le heagraíochtaí óige eile ag an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil.

Forbróimid ár gcuid oibre le hEagraíochtaí Sochaí Sibhialta. Áireofar air sin eagraíochtaí neamhrialtasacha um fhorbairt idirnáisiúnta ar féidir leo taithí fíor-ama agus eolas a chur ar fáil maidir le saincheisteanna domhanda, chomh maith le heagraíochtaí neamhrialtasacha um fhorbairt oideachas, ag a bhfuil saineolas maidir le modheolaíochtaí foghlama agus nuálaíocht maidir le pobail éagsúla a shroicheadh. Tógfaimid ar ár gcuid oibre freisin le heagraíochtaí neamhrialtasacha intíre, ag obair ar shaincheisteanna amhail an t-athrú aeráide agus cóirthrádáil, a fhorbraíonn feasacht agus tuiscint ar naisc áitiúla-dhomhanda trí fheachtais, agus trí thionscnaimh abhcóideachta agus dheonacha.

Oibreoimid le IDEA chun comhpháirtíochtaí agus comhobair a spreagadh ar fud na n-earnálacha, tacaíocht a chur ar fáil chun acmhainneacht a fhorbairt ar fud na hearnála agus tacú le soláthar Fís 2025, mar is cuí, Fís IDEA le haghaidh Forbairt na hEarnála Oideachais. Tacóimid le líonraí, eagraíochtaí comhalta agus cuibhreannais maidir le tionscadail, cláir, comhimeachtaí, comhfheachtais agus abhcóideacht.

Leathnóimid réimse na n-eagraíochtaí a dtacaímid leo, lena n-áirítear rannpháirteachas le gnó agus earnáil na gcomharchumann agus comhtháthú OSD a spreagadh i bhFreagracht Shóisialta Chorparáideach agus gníomhaíocht a bhaineann leis na SFIanna.

4

# Aschur 4: Oideachasóirí

> Acmhainneacht mhéadaithe i measc oideachasóirí agus cleachtóirí chun oideachas ardchaighdeáin saoránachta domhanda a sholáthar

Tá an córas oideachais ar cheann de na príomhbhealaí chun Oideachas Saoránachta Domhanda a thabhairt don phobal agus bíonn tionchar ríthábhachtach iolraitheora ag oideachasóirí ar ár gcuid oibre.

Forbraímid acmhainneacht ár n-oideachasóirí atá ag obair ar fud oideachas foirmiúil agus neamhfhoirmiúil, lena n-áirítear múinteoirí, léachtóirí, oidí agus éascaitheoirí agus cleachtóirí eile. Déanfaimid na nithe seo a leanas agus tacaíocht á tabhairt d'Oideachas Tosaigh Múinteoirí agus d'Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach, chomh maith le forbairt dhírithe acmhainní agus pobail cleachtais á bhforbairt idir earnálacha.

Tugann caighdeáin 'Céim' na Comhairle Múinteoireachta tiomantas chun OSD a leabú in Oideachas Tosaigh Múinteoirí. Oibreoimid le hinstitiúidí oideachais chun OSD a leabú tuilleadh i gcuraclaim OTM, lena n-áirítear oideachas luathbhlianta, agus déanfar cinnte go gcuirtear oiliúint chuí, acmhainní agus tacaíochta eile ar fáil do léachtóirí.

Forbróimid comhpháirtíocht straitéiseach nua don OTM iarbhunscoile, ag cur le rath an chláir Ubuntu.

Déanfaimid iarracht céatadán na múinteoirí ag a bhfuil rochtain ar Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach ardchaighdeáin, creidiúnaithe, nasctha le curaclam a mhéadú. Chun é seo a bhaint amach, beidh sé tábhachtach a chinntiú go bhfuil OSD leabaithe san fhorbairt agus leasú curaclaim nua atá le teacht agus oibreoimid leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta agus leis an Roinn Oideachais, toisc go mbíonn formhór na múinteoirí rannpháirteach le FGL i gcomhthéacs athruithe beartais agus curaclaim.

Tacóidh ár gcomhpháirtíocht nua straitéiseach san earnáil bhunscolaíochta le comhordú agus comhleanúnachas neartaithe i soláthar FGL in OSD. Déanfaimid obair chun a chinntiú go mbeidh OSD mar chuid de chúrsa samhraidh, arna fhaomhadh ag an Roinn Oideachais, do mhúinteoirí bunscoile. Chomh maith leis sin, déanfaimid iniúchadh ar roghanna agus deiseanna chun tacú le tógáil acmhainní na múinteoirí a bhaineann leis an oideachas luathbhlianta.

Ag an leibhéal iar-bhunscoile, oibreoimid lena chinntiú go bhfuil tacaíochtaí FGL ar fáil ar fud réimse leathan ábhar, lena n-áirítear obair a dhéanamh go díreach le cumainn na n-ábhar. Tógfaidh sé seo ar chlár leathan FGL do mhúinteoirí laistigh de chlár Scoileanna Domhanda WorldWise, a sheachadtar le ceardlanna agus rannpháirteachas pearsanta le scoileanna agus múinteoirí aonair.

Mar chuid dár rannpháirteachas neartaithe leis an earnáil Ardoideachais, déanfaimid iarracht ár dtacaíocht do FGL léachtóirí a mhéadú, chomh maith le forbairt dhírithe acmhainní agus tacaíochtaí ábhartha eile.

Déanfaimid tuilleadh leathnaithe ar ár dtacaíocht d'oiliúint agus uasghrádú scileanna d'oibrithe óige le OTM agus FGL, lena n-áirítear oibrithe deonacha, lenár gcomhpháirtíocht straitéiseach 'Óige 2030', agus comhpháirtíochtaí eile mar is cuí. Tá breis agus 1400 oibrí óige gairmiúil ann, anuas ar 40,000 oibrí deonach atá ag obair in earnáil na hóige. Tá dul chun cinn déanta ar leabú OSD in OTM agus FGL. Mar shampla, agus tacaíocht ar fáil ó Chúnamh Éireann, tá Teastas Leibhéal 8 in "Obair Óige Dhomhanda agus Oideachas Forbartha" á chur ar fáil ag Ollscoil Mhá Nuad.



*Oibrithe Deonacha SUAS ó Institiúidí Ardoideachais ar fud na tíre ag caitheamh deireadh seachtaine ar champas Ollscoil Mhá Nuad i mí Feabhra 2020 mar chuid den oiliúint maidir le foirne a ullmhú le haghaidh a gcuid socrúchán thar lear. Grianghraf: Alex Brock*

San earnáil daoine fásta agus pobail, tacóimid le tuilleadh dul chun cinn in FGL agus deiseanna foghlama eile, ag tógáil ar iarrachtaí acmhainneacht a fhorbairt, a bhí páirteach le 3000 oideachasóirí OAP ó bhí 2017 ann. Chun é seo a dhéanamh, tacóimid le cláir tógála acmhainneachta, creidiúnaithe agus neamhchreidiúnaithe le haghaidh oideachasóirí agus éascaitheoirí fásta, chomh maith le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt conair shoiléir FGL. Ar OTM, tacóimid le comhtháthú OSD sna hocht soláthróir[4] OTM le haghaidh cleachtóirí OAP sa tír.

Leanfaidh Cúnamh Éireann de thacaíocht a thabhairt do ról ríthábhachtach IDEA chun acmhainneacht a thógáil maidir le cleachtóirí san earnáil chun a gcuid eolais agus scileanna a fheabhsú maidir le saincheisteanna lena n-áirítear rialachas eagraíochtúil, bainistíocht bunaithe ar thorthaí agus tionchair a thomhais.

4 Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, Coláiste Mhuire gan Smál, Coláiste Náisiúnta na hÉireann, Institiúid Marion/Coláiste na Tríonóide, Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha, Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad.

# 5

# Aschur 5: Feasacht Maidir le Cúnamh Éireann

Rannpháirtíocht phobail neartaithe agus tuiscint ar chomhar um fhorbairt, obair Chúnamh Éireann agus na SFIanna




*Éascaitheoir ó Ionad Chúnamh Éireann, Michael Chanda, ag soláthar ceardlainne ar líne le linn dhianghlasáil COVID 2020. Grianghraf: Cúnamh Éireann/DFA*

Spreagann clár OSD Cúnamh Éireann pobail na hÉireann a bheith rannpháirteach maidir le saincheisteanna a mbeidh ról lárnach acu san 21ú haois: athrú aeráide, ocras, síocháin, éagothroime dhomhanda agus éagóir. Táimid ag iarraidh an pobal a spreagadh chun cabhrú le todhchaí níos cothroime agus inbhuanaithe a thógáil, ina n-aonar nó i dteannta a chéile.

I gcomhthéacs na hÉireann, baineann rannpháirteachas feasach leis na saincheisteanna leas as tuiscint ar chlár Cúnamh Éireann agus an obair a dhéanann sé ar son mhuintir na hÉireann ag úsáid cistí poiblí. Is léiriú tábhachtach é an clár de dhlúthpháirtíocht dhomhanda na hÉireann agus saoránacht agus mar chuid dár gclár níos leithne OSD, déanfaimid iarracht feasacht agus tuiscint maidir le ról Chúnamh Éireann a mhéadú, chomh maith leis an tslí ar féidir le comhoibriú forbartha aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht dhomhanda agus éagothroime.

Cuideoidh gníomhaíocht faoin aschur seo le fís *Éire Domhanda* a bhaint amach agus na tiomantais a tugadh in *Domhan Níos Fearr* maidir le rannpháirtíocht phoiblí agus saoránacht dhomhanda.

Mar chuid den iarracht seo, déanfaimid Ionad Chúnamh Éireann a athshamhlú, agus cuirfimid cur chuige foghlama cumaisc i bhfeidhm, ag meascadh ceardlanna pearsanta le soláthar ar líne. Leathnóimid teagmháil an Ionaid, agus muid rannpháirteach le foghlaimeoirí sna hearnálacha oideachais fásta, óige agus pobail. Beidh ceardlanna agus rannpháirteachas idirghníomhach ag imeachtaí teagmhála poiblí amhail Taispeántas Eolaí Óg agus Teicneolaíochta BT agus eile mar chuid d'obair Ionad Chúnamh Éireann.



*Scoláirí ó Choláiste Pobail MhicDara Naofa i dTeach Mealóg ag foghlaim faoi na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe in Ionad Chúnamh Éireann 2019. Grianghraf: DFA/Cúnamh Éireann*




*Gradaim Chúnamh Éireann Ár nDomhan 2020 - Acmhainní i dtaca leis an bhFoghlaim Sa Bhaile chun tacú le scoláirí, le múinteoirí agus le tuismitheoirí le linn dhianghlasáil COVID -19. Grianghraf: Real Nation*

Forbróidh Ionad Chúnamh Éireann nua feasacht agus tuiscint maidir le clár Chúnamh Éireann agus beidh an tIonad feistithe le huirlisí cumarsáide digití chun teagmháil dhigiteach a éascú, chomh maith le foghlaim ar líne go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Is ar na meáin shóisialta atá go leor daoine, go háirithe daoine óga, ag foghlaim agus ag forbairt a dtuairimí maidir le saincheisteanna domhanda agus dúshláin, chomh maith le rannpháirteachas le stocaireacht agus abhcóideacht ar líne. Spreagfaimid comhpháirtithe chun smaoineamh ar dheiseanna agus dúshláin na forbartha seo agus chun a n-acmhainneacht a fhorbairt chun páirt a ghlacadh sa réimse tábhachtach seo.

Le tacaíocht ó fheachtas cumarsáide, déanfaimid Gradaim Chúnamh Éireann Ár nDomhan a athnuachan agus a athbheochan, agus méadóimid líon na mbunscoileanna atá rannpháirteach ó bhonnlíne de 1500 scoil. Foghlaimíonn daltaí bunscoile idir rang 3 agus rang 6 maidir le hobair Chúnamh Éireann agus an tslí a gcuireann sé leis na SFIanna. Beidh fócas neartaithe ag an scéim gradaim ar fhoghlaim dhigiteach, lena n-áirítear cluichí, agus cinnteoimid a chomhleanúnachas le clár nua bunscoile Chúnamh Éireann.

Leanfaimid lenár gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí neamhrialtasacha forbartha idirnáisiúnta in Éirinn, a oibríonn linn chun an pobal a spreagadh chun feasacht agus tuiscint maidir le clár cúnaimh na hÉireann a fhorbairt.

Beimid rannpháirteach le comhpháirtithe chun tuilleadh deiseanna agus pointí iontrála a aithint san earnáil fhoirmiúil chomh maith leis na hearnálacha óige, fásta agus pobail chun cur le plé poiblí agus foghlaim maidir le ról an chomhordaithe forbartha agus obair Chúnamh Éireann le ceardlanna agus forbairt acmhainní.

I gcomhthéacs a gcuspóirí comhlántacha, cinnteoimid comhleanúnachas idir Clár Scoileanna Domhanda WorldWise agus Clár Scoileanna Domhanda na hÉireann de réir mar a oibríonn siad chun tuiscint a chothú in iar-bhunscoileanna ar shaincheisteanna saoránachta domhanda, ar chlár forbartha idirnáisiúnta na hÉireann agus ar ár rannpháirtíocht idirnáisiúnta níos leithne.






*Scoláirí ó Bhunscoil Foghlaim le Chéile Bhaile Brigín ag na babhtaí ceannais de Ghradaim Chúnamh Éireann Ár nDomhan 2019 ag an Roinn Oideachais, Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath. Grianghraf: Real Nation*



# Bealaí Oibre

## Acmhainní agus Maoiniú

Méadóidh Cúnamh Éireann an buiséad d'OSD go €10 milliún in aghaidh na bliana le linn shaolré na straitéise seo. Méadófar an fhoireann chun tacú leis an gclár méadaithe.

Seolfaimid Ciste Dúshlán Nuálaíochta chun smaointeoireacht nua a spreagadh i measc ár bpáirtithe maidir leis an mbealach ar féidir linn rannpháirteachas leis an bpobal a leathnú agus a dhoimhniú.

Déanfaimid athbhreithniú ar ár scéim deontais OSD chun a éifeachtúlacht a fheabhsú. Bronnfar deontais amach anseo suas le trí bliana, agus fad is a bheidh deontais bheaga fós le fáil, molfar do chomhpháirtithe obair a dhéanamh i gcuibhreannais, nuair is cuí, chun tionchair agus éifeachtúlachtaí a uasmhéadú. Méadófar an maoiniú atá ar fáil sa scéim.

## Comhpháirtíocht

Déantar ár gcuid oibre OSD i gcomhpháirt le go leor daoine agus eagraíochtaí tiomanta ar fud na n-earnálacha oideachais fhoirmiúil, sheachfhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil, chomh maith leis an tsochaí shibhialta in Éirinn. Leanfaimid lenár ndlúthrannpháirtíocht le IDEA, chomh maith le Dóchas, an líonra le haghaidh eagraíochtaí neamhrialtasacha forbartha idirnáisiúnta.

Tá roinnt modhanna éagsúla againn sa chomhpháirtíocht atá againn, lena n-áirítear beartas agus tacaíochtaí d'fhorbairt acmhainneachta. Leanfaimid de thacaíocht a chur ar fáil dár gcomhpháirtithe le comhpháirtíochtaí straitéiseacha, chomh maith le scéim deontais oideachais forbartha.

Mairfidh comhpháirtíochtaí straitéiseacha nua agus reatha suas le cúig bliana. Beidh fócas neartaithe ar chinnte a dhéanamh go bhfuil na comhpháirtithe straitéiseacha ag feidhmiú ar bhonn straitéiseach, ag tacú le neartú institiúideach, agus cur chuige a bhaineann leis an eagraíocht ar fad, ag stiúradh plé beartais agus ag obair i dtreo torthaí fadtéarmacha inbhuanaithe.

Leanfaidh Rannpháirtíocht Phobail agus Oideachas Saoránacht Dhomhanda de bheith ina ghné thábhachtach den Scéim Deontais Cláir. I gcomhréir lena gcumas agus saineolas, beidh ar chomhpháirtithe a gclár oibre a leagan amach chun teagmháil a dhéanamh le pobal na hÉireann, idir na meáin agus rannpháirtíocht ar líne, tionscnaimh aon-uaire, amhail imeachtaí poiblí, léachtaí agus taispeántais agus tacaíochtaí fadtéarmacha amhail oideachasóirí a oiliúint nó forbairt curaclaim. D'fhéadfaí réimse leathan saincheisteanna saoránachta domhanda a chlúdach, lena n-áirítear ról an chomhoibrithe forbartha chun aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht agus éagothroime.

Tá rochtain ag roinnt cleachtóirí OSD na Éireann ar mhaoiniú AE ó Clár Oideachais agus Múscailt Feasachta maidir le Forbairt (DEAR) mar chuid de chuibhreannais thras-Eorpacha. Chun tacú lenár gcomhpháirtithe a bhonn maoinithe a éagsúlú, chomh maith le rochtain ar dheiseanna foghlama roinnte, leanfaimid de chómhaoiniú 10% a chur ar fáil do thionscadail rathúla más gá.

## Taighde agus Bunús Fianaise a Fhorbairt

Tá Cúnamh Éireann tiomanta le cinntiú go bhfuil fianaise láidir faoinár n-obair OSD, agus tacaíochtaí do chuntasacht agus foghlaim. Beimid rannpháirteach le IDEA chun grúpa taighde nua a bhunú laistigh den Chumann agus comhoibriú a spreagadh le hInstitiúidí Ardoideachais agus comhpháirtithe eile chun clár taighde a aontú don earnáil. Déanfaimid iniúchadh ar dheiseanna oibre leis an gComhairle um Thaighde in Éirinn agus Ranna Rialtais eile chun réimsí féideartha comhspéise a aithint agus le Dóchas chun torthaí ábhartha ó thaighde Worldview maidir le dearcthaí poiblí.

Déanfaimid athbhreithniú ar ár gcreat bainistíochta feidhmíochta agus cuirfimid creat níos sruthlínithe i bhfeidhm chun tacú le cur chuige láidir cuí maidir le bailiú fianaise agus sonraí riachtanacha.


## Cuntasacht

Bainfimid úsáid as sonraí a ghintear trínár gcreat bainistíochta feidhmíochta uasdátaithe chun nuashonruithe bliantúla a fhoilsiú maidir le gníomhaíocht OSD agus suíomh gréasáin Chúnamh Éireann. Beidh sé seo ann i dteannta le fianaise níos cáilíochtúla, amhail cás-staidéir, a bheidh le feiceáil trí Rialtas na hÉireann/ Tuarascáil Bhliantúil COF agus láithreán gréasáin.

Reáchtálfar cruinnithe leis an earnáil ar bhonn bliantúil chun dul chun cinn a dhéantar sa bhliain a phlé, chomh maith le tosaíochtaí don tréimhse atá le teacht.

Déanfar athbhreithniú meántéarma ar an straitéis seo i lár 2023.

Rinneadh an Piarmheasúnú LODE is déanaí in 2015. Beidh Piarmheasúnú uasdátaithe sceidealaithe le haghaidh 2024 chun eolas a chur ar fáil d’fhorbairt straitéise nua.



# Aguisín 1

## Liosta na n-aighneachtaí i scríbhinn a fuarthas le linn chéim chomhairliúcháin phoiblí na straitéise seo

An Taisce

AONTAS

Cumann Eolaíochta et Bien Commun

Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire

An Mheitheal Náisiúnta um Shaorálaíocht na Mac Léinn Campus Engage

Lárionad um Oideachas Domhanda

Children in Crossfire

Concern Worldwide

An Roinn Oideachais

Roinn na Forbartha Idirnáisiúnta Ollscoil Mhá Nuad

Development Perspectives

An Tionscadal DICE

ECO-UNESCO

Cairde na Cruinne Éire

GOAL

An Mheitheal Oideachais Aosaigh agus Pobail de Chumann um Oideachas Fhorbartha na hÉireann

An Mheitheal Oideachais Fhoirmiúil de Chumann um Oideachas Forbartha na hÉireann

An Mheitheal Cáilíochta agus Tionchair de Chumann um Oideachas Forbartha na hÉireann

An Mheitheal Óige de Chumann um Oideachas Forbartha na hÉireann

Duine aonair

Banóglaigh na hÉireann

Cumann Múinteoirí Éireann

Michael Kenny

Saolta

SUAS

Trócaire

Líonra Ubuntu

Aontas na Mac Léinn in Éirinn

Seirbhís Dheonach Idirnáisiúnta

Scoileanna Domhanda WorldWise

An Óige 2030

Obair d'Ógra Éireann, Tiobraid Árann


80: 20 Ag Múineadh agus ag Gníomhú ar Son Domhan níos Fearr

Nuálaithe Sóisialta Óga

# Aguisín 2

## Liosta na n-acrainmneacha a úsáidtear sa straitéis seo

| | |
|---|---|
| **BITCNI** | Gnó sa Phobal i dTuaisceart na hÉireann |
| **BOO** | Bord Oideachais agus Oiliúna |
| **CNCM** | Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta |
| **COF** | Cúnamh Oifigiúil Forbartha |
| **DAC** | Coiste Comhairleach Forbartha |
| **DEAR** | Múscailt Feasachta agus Forbartha |
| **DICE** | Oideachas Forbartha agus Idirchultúrtha |
| **ECFE** | Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta |
| **ENR** | Eagraíocht Neamhrialtasach |
| **FET** | Breisoideachas agus Oiliúint |
| **FGL** | Forbairt Ghairmiúil Leanúnach |
| **IA** | Institiúid Ardoideachais |
| **IDEA** | Cumann um Oideachas Forbartha na hÉireann |
| **IIEA** | Institiúid Gnóthaí Idirnáisiúnta agus Eorpacha |
| **LADT** | Leispiach Aerach Déghnéasach Trasinscneach |
| **LODE** | Líonra Oideachais Domhanda na hEorpa |
| **NA** | Náisiúin Aontaithe |
| **OAP** | Oideachas Aosach agus Pobail |
| **OFI** | Oideachas um Fhorbairt Inbhuanaithe |
| **OSD** | Oideachas um Shaoránacht Dhomhanda |
| **OTM** | Oiliúint Tosaigh Múinteoirí |
| **SDWW** | Scoileanna Domhanda WorldWise (WWGS) |
| **SFI** | Sprioc Forbartha Inbhuanaithe |
| **UCC** | Coláiste na hOllscoile Corcaigh |
| **UNESCO** | Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe |





Irish Aid
Rialtas na hÉireann
Government of Ireland